

leis an bpobal go ginearálta. Ní hionann agus sobalchláracha ar nós "Eastenders" nó "Ros na Rún", tá béim mhór ar an ngreann sa dá shraith a bhí luaite. Bhí fonn ar an triúr againn a chum "Aifric" tabhairt faoi shraith den sórt sin.

Tar éis cúpla cruinniú a chaitheamh ag plé ár gcuid smaointe, bhí bunphlean garbh againn agus chuir muid é sin faoi bhráid TG4. D'éirigh leis an iarratas s'againne agus bhronn TG4 airgead forbartha orainn le scéalta a chumadh don tsraith.

Nuair a bhí foireann bheag scríbhneoirí curtha i dtoll a chéile againn agus na scéalta cumtha, chinn TG4 ar trí script déag a choimisiúnú. Tosaíodh ar na scrípteanna sin a scríobh i dtús na bliana 2005. Faoi am sin, bhí Micheál Ó Domhnaill, a chomhghleacaí Lucia Gavin agus foireann Telegael tar éis bóithre na tíre a thaisteal, ag cuartú aisteoirí óga le páirt a ghlacadh sa tsraith. Eagraíodh éisteachtaí anseo san Iarthar, i nDún na nGall, i gCúige Mumhan agus i mBaile Átha Cliath chomh maith. Chuir breis mhaith agus míle duine óg ar fud na tíre isteach ar na héisteachtaí agus as sin, roghnaíodh an trí scór duine a ghlac páirt sa taifeadadh ar an Tulaigh. Ina measc tá Grainne Bleasdale ó Bhaile na hAbhann, Dónal Ó Héalaí ó na hAille, Léan agus

Cárthach Bán Breathnach agus Eoin Ó Dubhghaill ón gCathair, Máirín Ní Ghaora ó Charna, Sláine Hutchinson agus Céitilís Ní Bheaglaíoch, beirt chailín ó Ghaeltacht Chiarraí agus Clíona Ní Chiosáin ó Bhaile Átha Cliath i bpáirt "Aifric".

Cuireann "Aifric" síos ar chailín sna déaga a bhogann siar go hIarthar na hÉireann lena muintir. Is ann a chuireann sí aithne ar chailín áitiúil, Sophie, atá mar dhlúthchara aici. Cuireann sí aithne chomh maith ar raicleaichín ghránna, Claudia, a bhíonn i gcónaí ag iarraidh trioblóid a tharraingt. Tá triúr leads sa scoil chomh maith, Maidhc, Jimín agus Bertie, a bhíonn ag diabhlaíocht agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar na múinteoirí. B'fhearr leis an bpríomhoide, an Máistir Ó Tuathail, bheith áit ar bith seachas ar scoil. Tá croí Iníon Uí Chlochartaigh, múinteoir óg, idéalach briste, agus í ag iarraidh aird na scoláirí a dhíriú ar an ábhar fíospéisiúil a bhíonn ar bun aici féin – Oideachas Saorántachta, Sóisialta agus Polaitiúil. Maidir leis an múinteoir eolaíochta, an Máistir Ó Céide, níl tada ina chloigeann siúd ach bheith ag rith i ndiaidh Iníon Uí Chlochartaigh.

Dhá dhonnacht iad cúrsaí ar scoil, bíonn ar Aifric cur suas lena muintir féin

sa mbaile chomh maith. Is cineál *hippy* a máthair, Janis. Cuntasóir crúgach é a daid, Tom, ar maith leis bheith ag casadh rock 'n roll lena bhanna ceoil, ina chuid ama saor. Agus bíonn deartháirín beag Aifric, Traolach ag cur isteach uirthi go síoraí lena chuid pleananna aisteacha leis an saol a dhéanamh níos fearr don teaghlach agus don domhan mór ina thimpeall.

Bhí obair dhian ag baint leis an taifeadadh, a lean ar aghaidh ar feadh trí seachtain déag. Tógadh seiteanna móra sa stiúideo ar an Tulaigh - an scoil a bhfuil Aifric ag freastal uirthi, Pobalscoil Leitir Láir; a teach, a seomra codlata agus an chipper áitiúil, Tigh Bhaba.

Dom féin mar scríbhneoir, bhí draíocht ag baint le siúl thart ar na seiteanna seo den chéad uair, ag feiceáil na seomraí seo os mo chomhair nach raibh iontu go dtí sin ach smaointe ag snámh thart i mo chloigeann le dhá bhliain anuas, sular thosaigh an lucht deartha á leagan amach.

Ba mhar a chéile an scéal agus mé ag castáil ar an bhfoireann aisteoirí, ag tabhairt faoi deara an bealach a bhí acu lena dtuiscint féin ar an script a chur in iúl ina gcuid aisteoireachta. Maidir leis na haisteoirí óga, ní raibh taithí ar bith ag a bhformhór ar an drámaíocht teilifíse. Ach tháinig siad isteach ar an gceird gan stró agus creidim féin go bhfuil siad chomh maith agus níos fearr le haisteoir ar bith dá n-aois atá feicthe agam ar Nickelodeon ná ar an Disney Channel. Bhí foireann den scoth ag plé leis an scannánaíocht, idir chríú ceamara, lucht deartha, lucht feistis agus foireann eagarthóireachta. Is ón taobh seo tíre cuid mhaith de na daoine seo, teicneoirí a bhfuil an-scil acu sna gnéithe éagsúla den cheird a mbíonn plé acu leo, rud a léiríonn an fhorbairt atá tagtha ar an tionscal teilifíse sa taobh seo tíre ó tháinig TG4 ar an bhfód deich mbliana ó shin.

Maidir leis an stiúrthóir, ní fhéadfaí sárú Phaul Mercier a fháil – fear a bhfuil an t-uafás taithí aige ar oibriú le daoine óga, mar dhrámadóir agus mar mhúinteoir, fear a bhfuil samhlaíocht iontach aige agus é ag plé le script, agus fear a bhfuil fuinneamh aisteach ann. Is beag stiúrthóir a thabharfadh faoi trí cinn déag de dhrámaí teilifíse a stiúru, ceann i ndiaidh a chéile agus caighdeán chomh hard a bhaint amach ó thús deiridh. Seachas rud ar bith, tá acmhainn iontach grinn sa bhfear, rud a bhí riachtanach leis an jab seo a dhéanamh ó thús deiridh.

Is mar chuid de cheiliúradh deich mbliana TG4 a bheidh "Aifric" á chraoladh, ag tosú thart ar Oíche Shamhna. Bíg ag faire!

TG4 ...TnaG...Teilifís na Gaeltachta

Beidh TG4 deich mbliana ar an aer an Oíche Shamhna seo teacht. Bunaíodh an stáisiún i 1996 de bharr feachtas láidir ar cuireadh tús leis i 1987. Chuir muid ceist ar chuid den dream a bhí páirteach sa bhfeachtas sin, iad siúd a bhí páirteach sa gcráoladh bradach as Rosmuc i 1987 agus sa bhFeachtas Náisiúnta Teilifíse ina dhiaidh sin, céard a cheap siad de TG4 anois théis na deich mbliana seo caite?



ó chlé Piaras Ó Gaora, Colm O Mainín, Norbert Payne, Bob Quinn, Joe Mac Donnacha - ag fáil réidh don chraoladh bradach ó Chnoc Mordáin i 1987. (pic: Archiva Chonamara)

"Éacht chraoltóireachta ab ea TG4 a chur ar an aer i 1996 agus tá go leor bainte amach ag an tseirbhís ó shin, ó thaobh lucht féachana a mhealladh agus a choinneál. É sin ráite, creidim go bhfuil sé thar am breathnú go fuarchúiseach ar roinnt nithe: bunfhealsúnacht na seirbhíse maidir leis an nGaeltacht, polasaí maidir le fotheidil Bhéarla a usáid go forleathan, a laghad Ghaeilge a usáidtear le linn próiseas déanta na

gcláracha Gaeilge a choimisiúnaítear do TG4. Do réir mo thaithí, sí an Bhéarla is mó a usáidtear mar theanga oibre agus cláracha á ndéanamh, fiú amháin sa Ghaeltacht agus is in olcas atá an scéal ag dul."

Donncha Ó hÉallaithe, Indreabhán duine den Mheitheal a chuir an stáisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Páraic Ó Conaola

Conraitheoirí Tógála & Leictreachais

Tionscail - Baile - Gnó

**Sreangadh & Athshreangadh
Córais Alárm Tine Córais Cáblaí
Soláthraí Oifigiúil Dexpan**

Gairfean, Rosmuc, Co na Gaillimhe

Teil: 091-574142 Fón Póca: 087 2481233

"Sé mo bharúil faoi TG4 anois ná gur staisiún é atá ag dul i bhfeabhas i gconaí. Baineann mé taitneamh as cláracha ar nós *"Fíorscéal"* agus *"Séideán Staire"*, ceapaim gur cuid de na cláracha teilifíse is fearr iad seo atá le fáil ar staisiún ar bith. Clúdaíonn TG4 an nuacht agus an sport go maith ach ba mhaith liom dá mbeadh níos mó nuacht áitiúil air.

Cuid de na míbhuntáistí a fheicim ar an staisiún ná go mbíonn go leor seanscannáin air go minic agus ar éigin tada nua-aimseartha. Freisin déantar drochaistriúcháin agus canúint ar chláracha teilifíse gasúir agus tá sé deacair iad a thuiscint ní amháin do ghasúir ach do dhaoine fásta chomh maith – ní cheapaim gur Gaeilge nádúrach a chuirtear ar na cláracha seo."

Micko Ó Conaire, Rosmuc, duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Nuair a bhí díospóireacht náisiúnta ar siúl faoi bhunú bealach teilifíse nua, an argóint ba mhó a bhí ar a shon ná an géargá a bhí ann go mbeadh a laochra teilifíse féin ag páistí agus ag déagóirí a bhí á dtógáil trí Ghaeilge.

Tá an-mholadh ag dul d'fhoireann agus do bhainistíocht TG4 as ucht na laochra sin a chur ar fáil. Cé a chreidfeadh 10 mbliana ó shin go mbeadh a leithéidí agus Hiúdaí, Hector, Dáithí Ó Sé agus Áine Ní Dhiroighneáin mar laochra, ní hamháin ag lucht na Gaeilge, ach ag aos óg na tíre i gcoitinne.

Go deimhin féin, an tseachtain seo beidh níos mó cláracha Gaeilge do pháistí á gcráladh ar TG4 ná mar a cráladh ar RTÉ san iomlán sna trí bliana idir 1987 agus 1990.

Comhgháirdeachas le TG4!
Ciarán Ó Féinneadha' BAC, ball den Fheachtas Náisiúnta Teilifíse

Rinneadh obair mhór leis an staisiún a thabhairt ann ach sílim go ndearna muid ar fad faillí ó shin sa méid is nach ndearna muid léirmheas fírinneach, leanúnach ar an gcúis ar bunaíodh an tseirbhís agus ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo. Fealsúnacht an staisiúin an rud is tabhachtaí sa deireadh. Déarfainn gur fearr go mbeadh cupla bonnchloch faoin bhfealsúnacht sin:

Ómos do phobal na Gaeilge agus do dhream ar bith atá báúil leo.

2.Meas ar Stair na hÉireann

Meas ar an nGaeilge mar Mheán Chumarsáide

A thuiscint nach ionann a bheith nua-aimseartha agus géilleadh do chuile fhaisean dá dtagann an bealach.

Droim láime a thabhairt do "bheibeachas" agus do "lad-achas"

"Súil Eile" a bheith ann dháiríre, thréis dhúinn a shocrú céard a chiallaíonn an téarma sin.

Seosamh Ó Cuaig, Cill Chiaráin, duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

I 1987 bhí mé ar chúrsa innealtóireacht leictreonach i nGaillimh nuair a d'iarr an tUasal Bob Quinn orm an mbeadh suim agam a bheith páirteach sa gcráladh bradach - sin "Teilifís na Gaeltachta" a chraoladh beo daite ó Fhéile an Oireachtais i Ros Muc.

B'iontach an dúshlán a bhí ann, dhá tharchuradóir a chur le chéile, ceann sa halla chun tarchur a dhéanamh ón halla i bhfoirm bíoma i dtreo an tsléibhe agus ceann ar bharr an tsléibhe. Bhí innealtóir iontach eile linn Norbert Payne, agus d'fhoghlaim mé an oiread uaidh ó thaobh cúrsaí teileachumarsáide, stiúideoanna, fuaim agus srl. D'oibrigh mé le TnaG nuair a bhí sé dá shocrú suas i

1996, bhí mé ann ar feadh cheithre bliana. Sílim gur tharraing na hoibrithe as na gaeltachtaí éagsúla le chéile thar cionn an t-am sin chun go leor constaicí teicniúla a sharú. Maidir leis an staisiún anois, ní dóigh liom gur cheart an t-ainm a bheith athraithe ó TnaG go dtí TG4. Tá inní orm go bhfuiltear ag imeacht ón aidhm a bhí ag an ngrúpa a thosaigh an feachtas. Níl a dhóthain béime ar chláracha áitiúla Gaeltachta agus tá an iomarca Béarla ar an staisiún

Joe Mac Donncha (Joe Chólman), An Cheathrú Rua - duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Ceapaim gur iontach an rud é gur bunaíodh TG4. Tá sé ag tabhairt deiseanna iontacha fostaíochta do mhuintir na Gaeltachta, ins an staisiún féin agus freisin ins na comhlachtaí atá bunaithe chun cláracha a dhéanamh don tseirbhís. Tá cláracha breátha déanta ag leithéide Sheáin Ó Cualáin as Cill Chiaráin, Macdara Ó Curraoin as an Spidéal agus go leor eile. Tá muintir na Gaeltachta le feiceáil ar an scáileán agus iad chomh cumasach spéiriúil le dream ar bith ar fud an domhain - Aoife Ní Thuairisg, Síle Ní Bhraonáin, Emer Ní Chonaola, Mairéad Ní Chuaig, Dáithí Ó Sé - thógfadh an liosta iomlán an iomarca spáis. Is súil eile é. Tá an bhéim a chuirtear ar an gceol traidisiúnta agus ceoltaí eile thar barr. An taon inní a bheadh orm faoin staisiún ná go bhfuil an iomarca Béarla air, caithfear tabhairt faoi é seo a laghdú nó ní bheidh ann ach staisiún eile Béarla. Bíonn na scannáin eachtrannacha oíche Dé hAoine an-mhaith!!

Peigí Ní Chonghaile, Cor na Rón Láir- duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

An Craiceann is a Luach

An Coinníoll Teanga - Déanann Trevor Ó Clochartaigh ainilís ar a bhfuil ag tarlú.

uaigh na focla 'coinníoll teangan' le cuid mhaith de bhunú Chonamara agus beidh siad ag únfairt is ag osnaíl, drogall orthu go bhfuil fút léacht a thabhairt dóibh ar ábhar doiléir - nach bhfuil suim ach ag gníomhairí Gaeilge, polaiteoirí beaga agus corr 'ghealt' eile iontu.

Ach, dá ndéarfá le daoine go raibh tú chun deireadh a chur leis an tacaíocht airgid do choláistí samhraidh bheadh an pobal céanna ar mire, nó dá ndéarfá leo nach raibh siad i dteideal deontais feabhsúcháin tithíochta nó bóithre áise ó Roinn na Gaeltachta feasta, bheadh muid ag máirseáil ar an gceannáras sna Forbacha amhail is go raibh ár gcearta sibhialta dhá shéanadh arís. Ach, sin an rud a d'fhéadfadh tarlú amach anseo muna mbeidh muid ar an airdeall.

Tá pobal iontach Gaelach againn i gConamara. Daoine breátha, cine uasal, a bhfuil féiniúlacht faoi leith acu, atá fite fuaite leis an tírdhreach ina maireann muid agus atá bródúil as an sliocht dár díobh muid. Tá omós do nósmaireacht, teanga agus traidisiún ár sinsir ach tá casachaí nua á bhaint freisin as an teanga, an ceol, an oidhreacht agus na cleachtais phobail eile a ghabhann léi.

Ar bhealach, sílim go bhfuil daoine áirithe ag



Trevor Ó Clochartaigh

iarraidh an craiceann 's a luach nuair a thagann sé go dtí cúrsaí cultúrtha agus teangan sa nGaeltacht. An luach is mó atá ag cuid acu ar an nGaeilge ná an luach eacnamaíochta gur féidir a bhaint aisti ó thaobh ioncam as gníomhaíochtaí teangalárnaithe. Níl locht ar sin as féin. Ach nuair a iompaíonn an dream céanna ar theanga na Banríona nuair atá an t-airgead déanta, caithfidh muid ceist a chur orainn féin mar chine, cén fiúntas atá leis an ghníomhaíocht céanna sa bhfadtéarma?

Cuireann meon na n-ionadaithe pobail i leith

cúrsaí pleanála agus an Ghaeilge iontas agus díomá orm freisin. Tá inní orm nach féidir linn díospóireacht aibí oscailte a bheith againn faoin ábhar. Tá amhras orm go bhfuil cinnithe dhá nglacadh a thosódh sruth forbartha a bheas deacair a cheansú agus a athróidh dreach na Gaeltachta go deo.

Cur seo i gcomhthéacs an athrú ollmhór atá tagtha ar an tír sin againne le blianta beaga anuas agus an saibhreas neamhchleachtaithe a ghabhann leis. Cinnte, is maith an aghaidh ar an gcosmhuintir an rachmas, ach caithfidh muid a bheith cúramach faoin gcaoi a dtéann an t-airgead i bhfeidhm orainn, mar dhaoine agus mar phobal.

Tá líon na gcarranna móra galánta ar na bóithre mar léiriú an-fheiceálach ar an saibhreas nua seo. Tá glúin nua Éireannaigh ag teacht chun cinn atá faoi gheasa ag bréagáin an rachmais ar nós an nuatheicneolaíocht, caifé galánta, páirt úinéireacht i scéimeanna árasáin i dtíortha coimhthíocha, 'blueberries' agus seinnteoirí 'MP3'.

Cuireann eacnamaíocht an mhargaidh béim ar an duine aonair agus ar charnadh maoin pearsanta. Fágann seo go bhfuil muid níos boichte mar chine de bharr easpa caidreamh

daonna, easpa comhludair agus easpa aitheantais don áit as ar fáisceadh muid.

Tá gá le plé oscailte, macánta maidir leis an bpobal ina maireann muid agus an chaoi gur mhaith linn an pobal sin a fheiceáil ag fás is ag neartú. Tá gnéithe éagsúla den díospóireacht sin tábhachtach, mar shampla an infrastuctúr fhisiciúil, soláthar oideachais agus sláinte, fostaíocht agus an eacnamaíocht - AGUS ár dteanga agus cultúr.

Ní mhór gur díospóireacht cuimsitheach a bheadh anseo a thógfadh tuairimí daoine éagsúla san áireamh - an cosmhuintir agus na

comharsain, na h-ionadaithe pobail agus poiblí, lucht an státhóras agus iadsan taobh amuigh dhi, óg, aosta, saibhir agus daibhir. Tá tuairimí chuile dhuine luachmhar agus mar a dúirt an Cadhnach 'Caithfear éisteacht'.

Caithfidh muid glacadh leis nach gcaithfear aontú faoi chuile shórt, áfach. Dá mbeadh muid ar fad ar an tuairim céanna faoi gach rud bheadh saol gan mórán chéille againn. Ach tá meon an-mhí-fhoighdeach tagtha chun cinn le ré an Tíogar Cheiltigh, go h-áirithe ó dhaoine a bhfuil beagáinín cumhachta tugtha dóibh. Is beag leo iad siúd a léiríonn malairt tuairim nó a cheisníonn an 'tuiscint